CINNEADH (CBES) 2022/472 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Márta 2022

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na hÚcráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (CBES) 2022/339 ón gComhairle ([1]) bunaítear méid tagartha EUR 50 000 000 atá beartaithe chun soláthar trealaimh agus soláthairtí nach bhfuil deartha chun fórsa marfach a thabhairt, a mhaoiniú, amhail trealamh cosanta pearsanta, fearais gharchabhrach agus breosla, d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine.

(2) I bhfianaise na coinbhleachta armtha atá ar siúl ar chríoch na hÚcráine, ba cheart EUR 50 000 000 breise a chur leis an méid tagartha airgeadais agus ba cheart síneadh 12 mhí a chur le fad an bhirt cúnaimh.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2022/339 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Mairfidh an Beart Cúnaimh 36 mhí ó ghlacadh an Chinnidh seo.";

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. EUR 100 000 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá beartaithe chun an caiteachas a bhaineann leis an mBeart Cúnaimh a chumhdach.";

(3) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. I gcomhréir le hAirteagal 29(5) de Chinneadh (CBES) 2021/509, féadfaidh an riarthóir um bearta cúnaimh glao ar thograí a dhéanamh tar éis ghlacadh an Chinnidh seo, suas go EUR 100 000 000. Ní úsáidfear na cistí a ghlaofaidh an riarthóir um bearta cúnaimh ach chun caiteachas a íoc laistigh de na teorainneacha arna bhformheas ag an gCoiste arna bhunú le Cinneadh (CBES) 2021/509 i mbuiséad leasaitheach 2022 a chomhfhreagraíonn don Bheart Cúnaimh.";

(4) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Beidh an caiteachas a bhaineann leis an mBeart Cúnaimh a chur chun feidhme cáilithe amhail ón 1 Eanáir 2022, agus go dtí dáta a chinnfidh an Chomhairle. Le 50 faoin gcéad ar a laghad den mhéid tagartha airgeadais, cumhdófar caiteachas arna thabhú amhail ón 11 Márta 2022.";

([1]) Cinneadh (CBES) 2022/339 ón gComhairle an 28 Feabhra 2022 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na hÚcráine (IO L 61, 28.2.2022, lch. 1).

(5) in Airteagal 4, mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (k):

"(k) Aireacht Chosanta, Oifig Gnóthaí Eachtracha Cónaidhme agus gníomhaireachtaí rialtais eile de chuid na Gearmáine;".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Márta 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J.-Y. LE DRIAN